Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2685

11.10.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2685 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meán Fómhair 2024**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, san Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, ar an gConradh maidir le Dlí an Dearaidh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 118, i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarrachtaí á ndéanamh chun gnéithe áirithe nós imeachta maidir le hiarratais ar dhearadh tionsclaíoch a chomhchuibhiú ar an leibhéal idirnáisiúnta faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) ó bhí 2005 ann.

(2) In 2022, chinn Comhthionól Ginearálta EDMI Comhdháil Taidhleoireachta a thionól chun Conradh maidir le Dlí an Dearaidh ('an Chomhdháil Taidhleoireachta') a thabhairt i gcrích agus a ghlacadh, comhdháil atá le bheith ar siúl faoin mbliain 2024.

(3) Tá an Chomhdháil Taidhleoireachta le bheith ar siúl idir an 11 agus an 22 Samhain 2024.

(4) Is é is cuspóir don Chonradh maidir le Dlí an Dearaidh nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí áirithe a bhaineann le hiarratais ar dhearadh tionsclaíoch a chomhchuibhiú ar mhaithe le tionscail na cruthaitheachta agus dearthóirí tionsclaíocha trí chlárú idirnáisiúnta dearaí a dhéanamh níos éasca agus níos intuartha.

(5) Ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht ar an gConradh maidir le Dlí an Dearaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, san Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil ar an gConradh maidir le Dlí an Dearaidh.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo. D'fhéadfaí na treoracha sin a athbhreithniú agus a fhorbairt a thuilleadh de réir mar is iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

*Airteagal 2*

1. Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Maoin Intleachtúil, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don choiste speisialta dá dtagraítear i mír 1 faoi na céimeanna arna nglacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis go rialta.

3. Arna iarraidh sin ag an gComhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

LÓGA M.